

## SREANG-CHOIR

Tá sé in am an scéal iomlán a insint faoin gcoir uafásach a tharla ní fada ó shin. Ní féidir an fhírinne a cheilt.

Foilsíodh tuairiscí áirithe ar nuachtáin ar fud an domhain, i Nua-Eabhrac, Baile Átha Cliath agus Londain, ach ní raibh iontu ach ráflaí dáiríre agus is ceart an scéal ar fad a insint ón tús.

Maidin bhreá i mí na Bealtaine a bhí ann. Ar 6.30, go cruinn, shiúil Agatán Sacs isteach in oifig eagarthóireachta an Byköpings Post, an nuachtán is lú ach is fearr sa tSualainn. Ar an gcéad urlár dá theach féin atá an oifig sin suite.

Bhí a fhios aige go mbeadh sé gnóthach, mar a bhíonn gach maidin. Bhí go leor colún le scríobh aige don nuachtán, agus chuirfí isteach air, bí cinnte de — scéala éigin faoi choir éigin ba ghá díriú uirthi ar an toirt.

Seacht a chlog. Thosaigh sé ar alt a scríobh faoin drochbhail a bhí ar an sean-seastán rothar lasmuigh den Leabharlann Phoiblí.

Leathuair tar éis a seacht. Ghlaigh sé ar Bhainisteoir na hUachtarlainne, ar monarcha uachtar reoite í chomh maith. Cén fáth a raibh blas láidir fanaile ar an Uachtar

Reoite Seacláide? An bhfuil sé chun aon rud a dhéanamh mar gheall air?

Ceathrú chun a hocht. Ní raibh bun ná barr le freagra an Bhainisteora mar sin scríobh sé alt seasca líne ar chaighdeán an uachtair reoite inniu i gcomparáid leis an uachtar reoite a bhí ann agus é féin ina gharsún.

A hocht a chlog. Cheadaigh sé a ríomhaire, An Gobán Saor, faoi gheaing a raibh súil á coinneáil aige orthu.

Leathuair tar éis a hocht. Chuir sé an teachtaireacht seo a leanas chuig Ceannasaí Interpol (Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta):

AN MHISTÉIR RÉITITHE AGAM STOP GABHTAR IAD  
GO LÉIR SEACHAS MICILÍN MUC STOP MICILÍN GAFA  
CHEANA IN MONTEVIDEO STOP AGATÁN SACS

Ceathrú chun a naoi. Tús curtha aige le halt nua, faoin teideal seo:

NÍ MÓR STOP A CHUR LE SIOSARNACH NA  
gCUMHDACH TAIFÍ I bPICTIÚRLANNA BYKÖPING

Naoi a chlog. Glaoch ón gClós.

D'ardaigh Agatán Sacs an glacadóir.

'Heiliúúú?'

'Heileo,' an freagra séimh ó Londain.

'Heiliúú?' arsa fear Byköping.

'Á! Ar fheabhas. Tú féin atá ann?'

'Mé féin, sea. Cé thusa?'

'Mé féin. Lispington ag caint leat. Conas tá cúrsaí, a Uasail Sacs?'

'Tá's agat féin,' arsa an Sualannach.

‘Tá’s agam,’ arsa Lispington. ‘Tá tú go maith?’

‘Táim. Is tú féin?’

‘Táim níos fearr.’

‘Ní tinn a bhí tú, a Lispington?’

‘Ní hea in aon chor, a Uasail Sacs.’

‘Go maith.’

‘Meadhrán a bhí orm.’

‘Meadhrán?’ Cad sa diabhal é seo, arsa Agatán Sacs leis féin. An é Lispington atá ann in aon chor? Chuir sé an glacadóir níos cóngaraí dá chluas.

Dhein Lispington gáire beag:

‘Táim tar éis a bheith ag an bhfiacloir.’

‘Á!’

‘Chuir sé fiacail nua isteach. Feistiú sealadach. Beidh orm í a thriail ar feadh seachtaine. Mura bhfuil fadhb ar bith agam léi, feistefar go buan í.’

‘Tuigim.’

Bhí Agatán Sacs ina thost ar feadh meandair. Ag smaoinreamh beagnach chomh tapa leis an nGobán Saor a bhí sé.

‘Cén fáth feistiú sealadach?’

‘Beidh orm m’aigne a dhéanamh suas an maith liom í — a cruth, a blas agus mar sin de. Déanfar an feistiú buan ansin in Ródas.’

‘Tuigim. Ródas...?’

‘Sea.’

‘Ródas? Oileán sa Mheánmhuir?’

‘Díreach é,’ arsa Lispington.

‘Caithfidh tú dul an bealach ar fad go Ródas chun buanfheistiú a fháil. An é sin é, a Uasail Lispington?’

‘Sin é anois agat é. Tá fiacloir ann.’

‘Tá fiacloir ann? Agus is é an t-aon fhiacloir é atá in ann an jab sin a dhéanamh?’

‘Tá na céadta fiacloir ann a d’fhéadfadh an jab sin a dhéanamh, an fiacloir a chuir an feistiú sealadach ann inné san áireamh.’

‘Tuigim... measaim.’

‘Á,’ arsa an Príomh-Chigire Lispington. ‘Ba bhreá leat a fháil amach cén fáth a bhfuilim ag dul go Ródas.’

‘Abair,’ arsa an Sualannach.

‘Tá sé chomh maith agam cuairt a thabhairt ar an bhfiacloir sin in Ródas mar beidh mé ann ar aon nós. Agus cad a thabharfaidh go Ródas mé? Chuala tú trácht ar Cholasas Ródas, gan dabht. Bhuel, táimse sa tóir air.’

Chuimil Agatán Sacs a chroiméal galánta.

‘Sa tóir air?’

‘Gan amhras!’ arsa Lispington, chomh bródúil le cat a mbeadh póca air. ‘Chuala tú faoi Cholasas Ródas nár chuala, a Uasail Sacs?’

‘Ceann de Sheacht n-Iontas an Domhain Ársa, nach ea?’ arsa Agatán Sacs. ‘Dealbh ollmhór chré-umha de dhia na gréine, Héileas, a sheas ar scaradh gabhail fadó i gcalafort Ródas. Scríosadh an dealbh i gcrith talún sa bhliain 224 R.Ch. agus níor thángthas uirthi ó shin. An mbeadh an ceart agam?’

‘Bheadh,’ arsa Lispington. ‘Ach tá níos mó ná sin ann. I bhfad níos mó! An gcloisfeá i gceart mé dá labhróinn leat i gcogar?’

‘Chloisfinn!’ arsa an Sualannach, á fhreagairt os íseal.

‘Is maith sin. Tá poll ar an teach.’

‘Gabh mo leithscéal?’



‘Bíonn cluasa ar na claíocha.’

‘Ó.’

‘An gcloiseann tú anois mé?’ arsa Lispington agus é ag caint níos ísle.

D’fhreagair Agatán Sacs níos ísle fós é: ‘Cloisim.’

‘Heileúú’

‘Heileo?’

‘Labhair amach. Ní chloisim thú. Tá an líne lofa. An bhfuil tú fós ansin?’

‘Tá.’

‘Thar barr. Mar sin féin, b’fherr dom cód a úsáid. An bhfuil leabhar na gcód ansin agat, a Uasail Sacs?’

‘Níl, ach tá sé de ghlan mheabhair agam. Ar aghaidh leat.’

‘Tá go maith,’ arsa Lispington. ‘Cód Uimh. 54 C, droim ar ais. Óicé?’

‘Ar fheabhas,’ arsa Agatán Sacs.

‘Ar aghaidh linn mar sin,’ arsa fear an Chlóis agus a ghuth á íslíú arís aige:

‘Krefdevnioatar prodhughyridif ipreighuevengnash! Nor efghor klodustryb! Klyghu?’

‘Klaroghilophrysine!’ arsa Agatán Sacs i gcogar.

‘Kliutryv eskthrados. Tuigeann tú?

Hutjytredoss conas!’

‘Conas?’

‘Conas? Asefrughestronoklefdot!’

‘Asefrughestronokrevtod?’

‘Ní hea, ní Asefrughestronokrevtod, Asefrughestronoklefdot!, a dúirt mé,’ arsa Lisington i gcogar fórsúil.

‘Á, sin scéal eile,’ arsa Agatán Sacs ar ais leis. Las sé todóg mhór (drochnós a bhí ag daoine áirithe ag an am). ‘Bhain tú preab asam, a Uasail Lisington! Kilophrokodotus?’

Bhíodar ag caint chomh híseal sin nár chuala siad a chéile i gceart.

Go tobann, bhris an t-oibritheoir Sasanach isteach orthu.

‘An bhfuil sibhse fós i mbun comhrá?’

‘Krijufgh! Krijufgh!’ arsa Lisington os íseal.

‘Gabhaim pardún agat, a dhuine uasail? An ndúirt tú rud éigin? An bhfuil tú fós ar an líne?’

‘Táim!’ arsa Lisington, i gcogar feargach. ‘Nach gcloiseann tú go bhfuil! Krijufgh salamandar!’

‘An ag magadh fúm atá tú, a dhuine uasail?’ arsa an t-oibritheoir a bhí níos mó ar buile ná mar a bhí Lisington faoin am sin. Chuir sí deireadh obann leis an nglaoch.

‘Scread bhainne uirthi,’ arsa Lisington i gcogar, ‘agus scread mhaidine uirthi chomh maith! Bhris sí snáithe mo smaointe. Cá rabhas?’

‘Asefrughestronoklefdot?’ arsa Agatán Sacs os íseal.

‘Díreach é. Jhegharaklefgahnas myvdes! Myvdes! Myvdesagha go tapa! Myvdesaghajicla níos tapúla fós!’

‘Dochreidte!’ arsa Agatán Sacs. ‘Dochreidte ar fad.’

Ní cheadaítear eochair an chóid rúnda sin a fhoilsiú, ar ndóigh (Cod Uimh. 54 C, droim ar ais) ach is féidir éirim an chomhrá sin a thabhairt anseo:

‘Samhlaigh, a Uasail Sacs, cad atá faighte amach agam. Tá ceannaire buíne ann ar a dtugtar Colasas Ródas! Mé féin a fuair gaoth an fhocail ina thaobh. Ní dócha gur chuala tusa trácht air.’

‘Chuala gan dabht. Tá spéis á cur agam ina chuid coireanna le breis is bliain anuas.’

‘An mar sin é? Sa chás sin, b’fhéidir gur chóir dúinn comhoibriú lena chéile. Cad déarfá? Táim ar bís!’

‘Táimse leis ar bís! Cén plean atá agat?’

(Bhris an t-oibritheoir snáithe a smaointe ag an bpointe sin.)

Ansin, arsa Lispington — rud a thabharfadh le fios dúinn cén fáth a raibh sé ar bís:

‘Ba cheart go mbronnfaí gradam orm nuair a bhéarfadh mé ar an gColasas.’

‘Is breá leis na Sasanaigh a gcuid gradam,’ arsa Agatán Sacs leis féin agus thug sé faoi deara nár inis an Príomh-Chigire Lispington dó cén plean a bhí aige.

‘Táim cinnte gur cás an-suimiúil a bheidh ann,’ arsa Agatán Sacs i gcogar.

‘Is maith liom go gceapann tú é sin.’

‘Ach ní foláir nó tá plean gníomhaíochta agat faoin tráth seo?’

‘Ghokloptrectsuvets! Cinnte tá! An gloiseann tú mé, a Uasail Sacs?’

‘Cloisim.’

‘Ar fheabhas. Anois, éist liom go cruinn is go géar.’

D'ísigh Lispington a ghlór. D'éist Agatán Sacs leis go géar is go cruinn. Bhí an-fhonn air a fháil amach cén cur amach a bhí ag Lispington ar Cholasas Ródas. Bhí gach eolas ag Agatán Sacs ina thaobh agus bhí pleananna déanta aige chun teacht ar an gcoirpeach tréitheach sin agus é a ghabháil uair éigin i mí na Bealtaine.

‘An gcloiseann tú mé, a Uasail Sacs? Go maith. Hjuludug-haklack-fodomis asal... klyghsdha... Cad atá ar siúl anois?’

‘Cad é féin?’

‘Mofaghasdutryp huppla!’ arsa Lispington i gcogar. ‘Táthar chugainn! Salamandar!’

‘Táthar chugainn? Salamandar?’

‘Tá.’

‘Cé atá ann?’

‘Fuist! N’fheadar. Tá an doras á oscailt. Cad sa diabhal?’

‘Hjkalughfhdrustrup? Katudruyfghepkhan? Salamandar!’

‘Impím ort, a Uasail Lispington, abair liom cad atá ag tarlú,’ arsa Agatán Sacs leis go práinneach.

‘Fuist! Tá sé in ann mé a chlos!’

‘Ní ceart duit cur suas leis sin, a Lispington, ligean do dhaoine siúl isteach i do sheomrasa mar sin.’

‘Cad atá ar siúl agat?’ arsa Lispington. Ní ag cogarnaíl a bhí sé a thuilleadh.

‘Mise?’ arsa Agatán Sacs.

‘Ní hea. Táim ag caint leis an té a tháinig isteach anois díreach. Salamandar!’

‘Cad atá ar siúl aige?’

‘Nach dána an mhaise duit é,’ arsa Lispington de liú, agus fearg ag teacht air.





‘Bí cúramach!’ arsa Agatán Sacs, a bhí lán de theannas agus rabhadh á thabhairt aige don Phríomh-Chigire.

‘An gcreidfeá é! Tá an doras á chur faoi ghlas aige, ón taobh istigh!’ arsa Lispington. ‘Hóigh, tusa! Cad sa diabhal atá ar siúl agat? Cé thú féin ar aon nós? Salamandar?’

‘Bainimse leis an gcomhlacht glantóireachta, a dhuine uasail,’ arsa guth piachánach.

‘Bí an-chúramach, a Lispington,’ arsa Agatán Sacs. ‘Ní ó chomhlacht glantóireachta eisean. Aithním ar a ghuth é.’

‘Ná bí ag iarraidh dallamullóg a chur ormsa, a mhic ó,’ arsa Lispington agus goimh air. ‘Cé thú féin?’

‘Bog breá, a dhuine uasail. Deisimid glais chomh maith.